

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS

NA CLÁRLAINNE NÁISIÚNTA AILSE

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016

---



National  
Cancer  
Registry  
Ireland

## CLÁR NA NÁBHAR

---

Brollach .....	1
Ráiteas an Stiúrthóra .....	2
Stair agus Cúlra .....	3
Ráiteas an Bhoird ar an Rialachas Corparáideach .....	4
Ráiteas ar Chóras an Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais .....	6
An Fhoireann.....	10
Gníomhaíochtaí .....	11
Fáil Sonraí.....	11
Forbairtí ó thaobh na Teicneolaíochta Faisnéise de.....	17
Scaipeadh.....	17
Taighde .....	22
Pleanáil Straitéiseach 2013-2016.....	26
Táscairí Feidhmíochta .....	29
Forbhreathnú ar an Úsáid Fuinnimh in 2016.....	31
Na Cuntais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2016 .....	32

## BROLLACH

---

Is mian liom idir aitheantas a thabhairt agus buíochas a léiriú don shárobair a rinne Dr. Susan O'Reilly, a chuir deireadh lena téarma mar Chathaoirleach an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse i mí Feabhra na bliana seo. Is mór an onóir dom gur ainmnigh an tAire mise le teacht i gcomharbacht uirthi ar an mBord.

Tá an Chlárlann Náisiúnta Ailse ina gné ríthábhachtach de na seirbhísí ailse atá againn sa tír seo. Éireoidh sí ina gníomhaireacht níos tábhachtaí fós de réir a chéile i dtaobh na n-athruithe a thagann ar shonraí minicíochta, leitheadúlachta agus marthanachta a thaifead, a anailísiú agus a thuairisciú de réir mar a leanfaidh an Stát air ag infheistiú i gcosc, diagnóisic agus cóir leighis na hailse. Is gearr go bhfoilseofar an tríú Straitéis Náisiúnta Ailse agus óir gur ghlac an Chlárlann páirt ina forbairt beidh ról aici i gcur na moltaí i bhfeidhm.

De réir na gcaighdeán idirnáisiúnta, tá ag éirí go hiontach leis an gClárlann a feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Bíodh sin mar atá, beidh an méadú ar líon na n-othar agus na marthanóirí fadtéarmacha ina chúis le roinnt mhaith sonraí breise, a bheidh ar an gClárlann a bhailiú agus a anailísiú. Leis an dúshlán sin a sháru, is léir go bhfuil deis shoiléir againn bailiú sonraí ó ospidéal a uathobriú agus a éascú ach iad a nascadh le Córas Faisnéise na Saotharlainne Míochaine Náisiúnta (MedLIS), leis an gCóras Náisiúnta um Fhaisnéis Chliniciúil Mhíochaine Oinceolaíochta (MOCIS) agus le bunachair sonraí cliniciúla eile.

Cuireann an Chlárlann a cuid sonraí anaithnidithe ar fáil gan bhac d'fhonn bonn eolais a chur faoi obair cliniceoirí, soláthróirí cúraim sláinte agus taighdeoirí seachtracha. Is ardtáirgiúil a bhíonn a cuid aschuir chomharthaighde agus tiocfaidh borradh suntasach air amach anseo de bharr gur chruthaigh an Dr. Clough-Gorr, a ceapadh ina stiúrthóir anuraidh, post nua mar Ollamh Eipidéimeolaíocht an Ailse i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Thar ceann an Bhoird, is mian liom aitheantas a thabhairt do shaineolas agus do thiomantas Kerri agus a foirne, rudaí a léirítear go soiléir sa chaoi go bhfuil siad tiomanta do shonraí ar ardchaighdeán a bhailiú, anailís a dhéanamh orthu agus torthaí den scoth a fháil ar bhonn leanúnach.

Is mise, le meas,



**An Dr. Jerome Coffey MD FRCPI FRCR FFRCSI**  
**Cathaoirleach an Bhoird**  
An 19 Meitheamh 2017

## RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA

---

Bliain trasdula ba ea an bhliain seo don Chlárlann. Chuaigh an Dr. Harry Comber ar scor tar éis dó na blianta de sheirbhís dhílis a chur isteach mar Stiúrthóir na Clárlainne Náisiúnta Ailse agus ansin mar Stiúrthóir Eatramhach na Clárlainne. D'éirigh an Dr. Susan O'Reilly as an gcathaoirleacht ar an mBord i mbliana chomh maith. Agus iad beirt i mbun oifige, d'oibrigh siad gan stad gan staonadh lena chinntiú go mbeadh ról tábhachtach ag an gClárlann i ndáil le rialú na hailse in Éirinn agus go mbainfeadh sí dea-cháil amach ar bhonn idirnáisiúnta. Is maith againn uile an méid a rinne siad. Tá sé d'ádh orm anois mar Stiúrthóir na Clárlainne forbairt a dhéanamh ar ar bhain siadsan amach agus treoir a thabhairt don Chlárlann as seo amach. Cé nach raibh mé anseo ach ar feadh roinnt míonna in 2016, chuaigh an trasdul ar aghaidh go binn. Chuir foireann iontach na Clárlainne fáilte ó chroí romham, rud a rinne gach rud i bhfad níos éasca. Ina theannta sin, tá ríméad orainn fáilte a chur roimh an Dr. Jerome Coffey mar an cathaoirleach nua ar an mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse.

Is cinnte go bhfuil dúshlán le sárú againn sula mbeimid in ann barr chumas na Clárlainne a bhaint amach. Le clárlann ailse den chéad scoth a bhaint amach beidh orainn cistiú leordhóthanach ón Roinn Sláinte a chinntiú, baill foirne bhreise a fháil le díriú isteach ar cháilíocht agus tráthúlacht sonraí, béim a leagan ar atógáil chlár taighde na Clárlainne ó bhonn, agus súil ghéar a chaitheamh ar an gClárlann féachaint barr a cumais a bhaint amach. Tá mé ag tnúth go mór le mo chéad bhliain iomlán in 2017, le tacaíocht leantach ón mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse agus le hobair a dhéanamh as lámha a chéile le foireann na Clárlainne tar éis na tréimhse trasdula.



Kerri Clough Gorr

## STAIR AGUS CÚLRA

---

### Bunú

---

Cuireadh an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse ar bun le hOrdú Reachtúil Uimh. 19 de 1991, “*Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú)*” faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961. Comhlíonann an Bord na dualgais reachtúla ar fad atá air tríd an gClárlann Náisiúnta Ailse. Rinneadh an tOrdú a leasú faoi dhó; sa bhliain 1996 le I.R. Uimh. 293/1996 (*Ordú fán Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991 (Leasú)*) agus sa bhliain 2009 leis an Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.

D’fhógair an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney, T.D., ar an 15 Deireadh Fómhair 2008 go ndéanfaí an Chlárlann Náisiúnta Ailse a chomhtháthú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in 2010. Dhearbhaigh an tAire Airgeadais é sin ina óráid cháinainéise in 2009. Cuireadh an plean sin siar, áfach, go dtí go gcuirfear struchtúir nua sláinte ar bun agus go n-achtófar an Bille um Fhaisnéis Sláinte.

### An Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse

---

Comhlacht reachtúil is ea an Chlárlann Náisiúnta Ailse a cuireadh ar bun sa bhliain 1991 faoin Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991 mar ghníomhaireacht de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí (mar a bhí ag an am). Tá seachtar daoine ar an mBord, a gceapann an tAire Sláinte iad.

D’athcheap an tAire an Bord reatha ar an 15 Feabhra 2016. Seo a leanas na baill:

- An Dr. Susan O’Reilly (Cathaoirleach)
- An tUas. Michael Conroy
- Orla Dolan, Uas.
- An Dr. Anna Gavin
- An Dr. Fenton Howell
- An Dr. Catherine Kelly
- An tUas. John McCormack.

### Feidhmeanna Reachtúla

---

Seo a leanas feidhmeanna reachtúla na Clárlainne Náisiúnta Ailse, mar atá leagtha amach in Ordú Reachtúil 19 de 1991:

- faisnéis a aithint, a bhailiú, a aicmiú, a thaifeadadh, a stóráil, agus a anailísiú i ndáil le líon agus leitheadúlacht na gcásanna ailse agus siadaí gaolmhara eile in Éirinn;
- faisnéis a bhailiú, a aicmiú, a thaifeadadh, agus a stóráil i ndáil le gach othar aonair ailse nuadhiagnóisithe agus le gach siada nua a tharlaíonn;
- úsáid na sonraí a bhailítear ar an gcaoi seo a chur chun cinn agus a éascú i dtionscadail cheadaithe taighde agus i seirbhísí a phleanáil agus a bhainistiú;
- tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar ghníomhaíochtaí na Clárlainne;
- comhairle, faisnéis, agus cúnamh a chur ar fáil don Aire i ndáil le haon ghné dá leithéid de sheirbhís.

## RÁITEAS AN BHOIRD AR AN RIALACHAS CORPARÁIDEACH

---

### Tuairisc Chathaoirleach na Clárlainne Náisiúnta Ailse don bhliain dar críoch an 31/12/2016

---

1. Forbairtí tábhachtacha ó thaobh na tráchtála de a chuaigh i bhfeidhm ar an gcomhlacht  
*Níor tharla aon forbairtí tábhachtacha ó thaobh na tráchtála de i rith 2016.*
2. Nósanna imeachta i ndáil le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar, agus diúscairt sócmhainní:  
*Tá na nósanna imeachta sin á gcur i bhfeidhm de réir na mbeartas agus na dtreoirlínte oifigiúla.*
3. An córas um rialú inmheánach airgeadais
  - a) *Is ar an mBord atá an fhreagracht as córas an chomhlachta um rialú inmheánach airgeadais.*
  - b) *Ní féidir le córas den sórt sin ach cinnteacht réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt nach bhfuil aon bhotún ábharach déanta.*
  - c) *I measc na bpríomhnósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm ag an mBord d'fhonn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chinntiú tá:*
    - (i) *Struchtúr bainistíochta atá sainmhínithe go soiléir.*
    - (ii) *Cuireadh clár rioscaí i dtoll a chéile in 2010 agus coinníodh cothrom le dáta é i rith 2016.*
    - (iii) *Cuireadh cáipéis polasaithe agus nósanna imeachta i bhfeidhm don bhliain 2016, ar cáipéis í ina bhfuil treoracha leagtha amach i ndáil le gach réimse gníomhaíochta airgeadais. Tá breacchuntas tugtha sa cháipéis sin ar na nósanna imeachta i ndáil le tuarastail, sonraisc, agus éilimh chostais a riar, le hidirbhearta cárta creidmheasa agus mionairgid a úsáid, chomh maith leis na nósanna imeachta i ndáil le sócmhainní a dhiúscairt. Is é Coláiste na hOllscoile, Corcaigh a rinne plé leis an bpárolla in 2016. Cuireadh taifid na Clárlainne Náisiúnta Ailse i gcomparáid le taifid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh go rialta lena chinntiú go raibh siad ag teacht le chéile.*
    - (iv) *Cheap an Bord an Coiste Iniúcháireachta i mí an Aibreáin 2013 agus rinne maoirseacht ar shaothar na nIniúcháirí Inmheánacha i rith 2016.*
    - (v) *Reáchtáladh Iarratas ar Thairiscintí le haghaidh Seirbhísí Iniúcháireachta Inmheánaí i mí Iúil 2016 agus tá na hiniúcháireachtaí inmheánacha ar fad le trí bliana anuas, a bhaineann le croiréimsí airgeadais, eagraíochta, agus oibríochta, faofa ag an gCoiste Iniúcháireachta agus ag an mBord araon. Rinneadh iniúchtaí inmheánacha foirmeálta in 2016 i réimsí na Bainistíochta Riosca, na Bainistíochta Cáipéisí agus na Pleanála Leanúnachais Gnó agus Athshlánaithe ó Thubaiste.*

- (vi) *Comhaontaíodh buiséad bliantúil foriomlán don Chlárlann Náisiúnta Ailse, a raibh buiséad ar leith don Teicneolaíocht Faisnéise ina chuid de. Cuirtear tuairisc i dtoll a chéile ar bhonn míosúil le figiúirí iarbhir a chur i gcomparáid le figiúirí buiséid agus coinnítear na figiúirí ionchais bliantúla cothrom le dáta i rith na bliana.*
- (vii) *Déanann an Bord athbhreithniú ar thuairiscí airgeadais, idir thréimhsiúil agus bhliantúil, ag gach uile cheann dá chruinnithe.*
- d) *Tá na rialacha agus treoirlínte reatha soláthair, arna leagadh amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, á gcomhlíonadh ag an gClárlann Náisiúnta Ailse.*
- e) *Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais don bhliain 2016 ag an gcruinniú boird i mí Feabhra 2017.*
4. Cuireadh cóid iompair gnó don Bhord agus d'Fhostaithe i bhfeidhm agus tá siad á gcomhlíonadh.
  5. Tá beartas an Rialtais i ndáil le pá an Stiúrthóra agus fostaithe i gComhlachtaí Stáit á chomhlíonadh.
  6. Níl comhlíonadh threoirlínte an Rialtais maidir le táillí ball boird bainteach le hábhar ós rud é nach n-íocann an Chlárlann Náisiúnta Ailse táillí le baill bhoird.
  7. Tá na Treoirlínte um Thograí Caiteachais Chaipitiúil a Mheas agus a Bhainistiú san earnáil phoiblí á gcomhlíonadh.
  8. Tá riachtanais Beartas Taistil an Rialtais á gcomhlíonadh ar gach bealach.
  9. Tá na riachtanais chúil uile de Chód Caiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe á gcomhlíonadh.
  10. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm i dtaca le nochtuithe cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.
  11. Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá sé á chomhlíonadh go hiomlán.
  12. Níl baint ná páirt ag an gClárlann Náisiúnta Ailse le haon díospóidí dlíthiúla le comhlachtaí eile Stáit.
  13. Níorbh ann d'aon tarluithe i ndiaidh ullmhú an chláir chomhardaithe.
  14. Chomhlíon an Chlárlann Náisiúnta Ailse gach uile ghné de chomhaontuithe conarthacha a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar na ráitis airgeadais mura gcomhlíonfaí iad. Ní dhearnadh aon chumarsáid a bhain le neamhchomhlíonadh riachtanas de chuid údaráis rialála ná údaráis chánachais i leith aon ábhair. Níl an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse ar an eolas faoi aon eachtra, cibé acu b'eachtra iarbhir nó fhéideartha í, ina ndearnadh faillí i ndlíthe nó rialúcháin a chomhlíonadh sa chás go bhféadfadh an eachtra sin tionchar a bheith aici ar na ráitis airgeadais.

Arna shíniú

A handwritten signature in cursive script, reading "Susan O'Reilly". The signature is written in black ink on a white background. The letters are fluid and connected, with a prominent loop at the end of the name.

An Dr. Susan O'Reilly



## RÁITEAS AR AN GCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

---

### Rialachas

---

#### An Bord

Déanann an Bord um an gClárann Náisiúnta Ailse plé le gach ábhar atá leagtha amach i sceideal na n-ábhar, de réir an Chóid Cleachtas.

#### Treoir faisnéise do bhaill bhoird nua

Tugtar treoir faisnéise do bhaill nua tar éis a gceaptha de réir Chreat Rialachais an Bhoird um an gClárann Náisiúnta Ailse.

#### Nochtadh leasanna ag baill bhoird

Is é an Riarthóir a choimeádann Clár na Leasanna agus iarrtar ar bhonn bliantúil ar gach ball boird agus gach ball foirne ábhartha a chinntiú go bhfuil an clár sin cothrom le dáta ina leith.

#### An Coiste Iniúcháireachta

Cheap an Bord nuacheaptha an Coiste Iniúcháireachta i mí an Aibreáin 2013. Tháinig an coiste le chéile 4 huairé le linn 2016.

#### Feidhmeannas iniúcháireachta inmheánaí

Tá seirbhís iniúcháireachta inmheánaí i bhfeidhm agus tá iniúchadh córasach á dhéanamh aici ar gach réimse de ghníomhaíocht na Clárlainne. Rinneadh iniúchadh ar na réimsí seo le linn 2016:

- Pleanáil Leanúnachais Gnó agus Athshlánaithe ó Thubaiste
- Bainistíocht Riosca
- Bainistíocht Cáipéisí

#### Cód iompair gnó do bhaill boird agus do bhaill foirne

Rinneadh é seo a nuashonrú de réir mholtaí na n-iniúcháirí inmheánacha.

#### Soláthar

Cuireadh na Treoirínte Soláthair Phoiblí ar a súile do na baill foirne uile agus insíodh dóibh dul chuig an láithreán gréasáin [www.etenders.gov.ie](http://www.etenders.gov.ie) le tuilleadh eolais a fháil. Tá an treoir sin ina cuid de Chreat Rialachais an Bhoird um an gClárann Náisiúnta Ailse.

Scríobhadh treoir do bhaill foirne ar phróisis soláthair agus scaipeadh ar na baill foirne uile a mbíonn baint acu le cúrsaí soláthair í.

#### Imréiteach cánach

Rinneadh na nósanna imeachta imréitigh cánach a nuashonrú.

Chinntigh an Bord um an gClárann Náisiúnta Ailse go raibh Deimhniú Imréitigh Cánach cothrom le dáta aige i dtaca leis na soláthróirí ar fad a raibh an tairseach bliantúil €10,000 sáraithe acu.

#### Diúscairt sócmhainní

Níor dhearnadh aon sócmhainní de luach ní ba mhó ná €150,000 a dhiúscairt le linn na tréimhse.

#### Diúscairt sócmhainní le baill bhoird/baill foirne

Rinneadh aon sócmhainní a rinneadh a dhiúscairt le baill bhoird nó baill foirne a dhiúscairt ar a margadhluach cóir. Rinneadh na diúscairtí ar fad a dhoiciméadú dá réir sin agus bhí siad ar fad in oiriúint leis na nósanna imeachta iomchuí.

#### Éadálacha/Fochuideachtaí

Níor chuir an Bord um an gClárann Náisiúnta Ailse aon fochuideachtaí ar bun agus níor thóg sé aon fhochomhlacht dá leithéid ar láimh ach an oiread.

#### Éagsúlú an phríomhghnó

Ní chaithfidh an Bhord um an gClárann Náisiúnta Ailse a phríomhghnó a éagsúlú.

#### Breithmheas ar infheistíochtaí

Ní dhearnadh aon infheistíocht shuntasach chaipitiúil.

#### Luach saothair an Stiúrthóra

Tá luach saothair an Stiúrthóra ar aon dul leis na treoirínnte iomchuí agus tá sé nochta i dTuarascáil Bhliantúil 2016, áit a bhfuil a buntuarastal bliantúil agus sochair aoisliúntais leagtha amach.

#### Táillí na mball boird

Ní íoctar aon táillí le baill bhoird.

Tá na híocaíochtaí taistil agus cothaithe a fuair siad i leith na gcruinnithe ar fhreastail siad orthu, atá ar aon dul leis na rátaí ceadaithe, leagtha amach i dTuarascáil Bhliantúil 2016.

#### Beartas pá an Rialtais

Íoctar na fostaithe uile de réir a ngráid.

#### Socrúithe tuairiscithe

Chuir an Cathaoirleach tuairisc bhliantúil an Chathaoirligh faoi bhráid an Aire i mí an Mheithimh 2016. Cheadaigh an Bord ráiteas maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais agus bhí an tuairisc sin don Aire ina cuid den ráiteas sin.

#### Pleanáil Straitéiseach agus Chorparáideach

Ghlac an Bord leis an ráiteas foirmiúil straitéise is déanaí, a bhaineann leis an tréimhse 2013-2017, i mí Mheán Fómhair 2015. Tugadh plean seirbhíse don Roinn Sláinte i mí Feabhra 2016 tar éis fógra foirmiúil a fháil ón Roinn maidir leis an leithdháileadh caiteachais don bhliain. Tugadh mioneolas sa phlean seo ar na seirbhísí a bhí beartaithe don bhliain i bhfianaise ráiteas straitéise an Bhoird agus na sriantachtaí buiséid.

## Comhlíonadh cánach

Déanann an Chlárlann plé leis an gCáin Bhreisluacha agus leis an gCáin Iarchoimeáda ar Sheirbhísí Gairmiúla. Is é Coláiste na hOllscoile, Corcaigh a rinne plé leis an bpárolla in 2016, dream a chuireann seirbhís párolla ar fáil don Bhord.

## Bainistíocht Riosca

---

Ullmhaíodh creat bainistíocht riosca. Tá leagtha amach sa cháipéis sin sainmhíniú ar an riosca, cén chaoi a bhféadtar é a aithint agus a thomhas, cé atá freagrach as, agus na meicníochtaí atá ann i leith riosca a mhonatóiriú, a thuairisciú, agus a mhaolú. Déantar clár rioscaí a nuashonrú ar bhonn rialta ionas go léiríonn sé aidhmeanna straitéiseacha an Bhoird, a ndéanann an Chlárlann le riosca a mhaolú, agus an timpeallacht a bhíonn ag athrú de shíor.

Forbraíodh plean foirmiúil athshlánaithe ó thubaiste/leanúnachais ghnó, ach níl sé curtha i bhfeidhm go hiomlán go fóill. Tá sainaitheint déanta sa phlean seo ar na céimeanna a bheadh le tógáil maidir leis an aisghabháil sonraí, ach níl tagairt déanta do chóiríocht oifige.

## Airgeadas

---

### An Timpeallacht Rialaithe

Tháinig an Bord le chéile 4 huairé le linn 2016. Cuireadh Foireann Ardbhainistíochta ar bun agus tagann sí le chéile go rialta. Tá leibhéil údaráis tarmhligthe i bhfeidhm i dtaobh caiteachais. Tá tuiscint mhaith ag an bhfoireann airgeadais ar na leibhéil sin agus déanann siad monatóireacht orthu.

### Faisnéis agus Cumarsáid

Cuirtear cuntais i dtoll a chéile ar bhonn míosúil, breathnaíonn an Stiúrthóir orthu, agus scaiptear ar na páirtithe ábhartha iad. Scríobhadh treoir ar nochtuithe cosanta agus scaipeadh ar na baill foirne uile í.

### Gníomhaíochtaí Rialaithe

Coinníonn cuntais rialta bhainistíochta an Bord ar an eolas faoin gcaiteachas i gcoinne an bhuiséid. Déanann idir an Stiúrthóir agus na Riarthóirí monatóireacht ar an gcaiteachas i gcoinne an bhuiséid ar bhonn míosúil. Déantar plé ar mhíreanna nach bhfuil ag teacht leis an mbuiséad agus comhaontaítear bearta le dul i ngleic leo. Cuirtear na cuntais mhíosúla ar aghaidh chuig an Roinn Sláinte agus Leanáí chomh maith lena coinneáil ar an eolas agus le haiseolas a lorg ina leith.

### Monatóireacht agus Bearta Ceartaitheacha

Is é an t-athbhreithniú míosúil an príomhbhealach atá againn lena chinntiú go ndéantar monatóireacht ar an gcaiteachas agus go gcomhaontaítear bearta ceartaitheacha más gá.

### Rialú Buiséid

Cuirtear an chéad aighneacht maidir leis an mbuiséad bliantúil faoi bhráid na Roinne san fhómhar agus bíonn sé bunaithe ar na figiúirí táirgeachta don bhliain roimhe chomh maith leis na figiúirí caiteachais don bhliain reatha. Tugtar míniú insinte ar aon difríochtaí suntasacha le figiúirí caiteachais na bliana roimhe. Tugann an Roinn fógra foirmiúil maidir leis an Leithdháileadh Caiteachais Neamhchaipitiúil go luath sa bhliain (i mí Feabhra go hiondúil). Cuireann an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse próifíl mhionsonraithe bhuiséid le chéile ansin bunaithe ar an leithdháileadh foirmiúil a fuarthas ón Roinn, chomh maith le Plean Seirbhíse don bhliain ina leagtar amach na seirbhísí atá beartaithe i bhfianaise an bhuiséid a leithdháileadh. Cuirtear feidhmíocht an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse i gcomparáid leis an bplean seo ó thús deireadh na bliana.

Cuirtear pacáiste cuntas i dtoll a chéile gach mí ina mbíonn na rudaí seo a leanas:

- Cuntas mionsonraithe ioncaim agus caiteachais
- Clár comhardaithe
- Próifíl bhuiséid don bhliain go dtí seo
- Anailís ar dhifríochtaí leis an mbuiséad
- Imréitigh bhainc (lena n-áirítear ráitis bhainc)
- Comhardú trialach achomair.

#### Sócmhainní Seasta

- a) Coinnítear Clár na Sócmhainní Seasta mar scarbhileog Excel atá roinnte ina catagóirí mar seo a leanas:
- Bogearraí
  - Crua-Earraí
  - Daingneáin agus rothaí
  - Trealamh oifige
- b) Bíonn na mionsonraí seo a leanas sa chlár:
- An bhliain ar ceannaíodh an rud
  - Soláthróir
  - Cur síos ar an rud
  - Costas
  - Dímheas carntha
  - Glanluach de réir na leabhar

Déantar an clár agus an córas cuntasáochta Sage a thabhairt le chéile ar bhonn bliantúil.



Cathaoirleach, an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse

## AN FHOIREANN

Ba é líon na mbuanbhall foirne ar an 31/12/2016 ná 38 CLA (coibhéis lánaimseartha). Ina theannta sin, bhí 7 taighdeoirí CLA ag obair ar chonarthaí sainchuspóra atá maoinithe ag foinsí seachtracha.

*Líon Fostaithe na Clárlainne Náisiúnta Ailse = 52 fostaí (31/12/2016)*

### Grád – (Baill Foirne Bhuana arna Maoiniú ag an Roinn

Sláinte)	CLA	Líon	Iomlán
Grád III	1	1	1
Grád IV	4	4	4
Grád V	8.6	10	10
Grád VI	2.26	3	3
Grád VII	2.81	4	4
Grád VIII	1	1	1
Grád – Léachtóir Sinsearach	1	1	1
Grád – Ceimiceoir Stáit	1	1	1
Grád – Altra Sinsearach Foirne (ASF)	5.11	7	7
Grád – Altra Sinsearach Foirne Décháilithe (ASF DC)	3.71	5	5
Grád – Altra Foirne (AF)	7.5	8	8
<b>Iomlán</b>	<b>38</b>	<b>45</b>	<b>45</b>

### Grád – (Baill Foirne a Mhaoinítear go Seachtrach ar Bhoth Sealadach)

Grád IV	4	4	4
Grád V	2	2	2
Grád VI	1	1	1
<b>Iomlán</b>	<b>7</b>	<b>7</b>	<b>7</b>
<b>Móriomlán</b>	<b>45</b>	<b>52</b>	<b>52</b>

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Is le trí phríomhchatagóir a bhaineann gníomhaíochtaí na Clárlainne — fáil sonraí, scaipeadh, agus taighde.

### Fáil Sonraí

#### *Gníomhaíocht chláraithe*

**Tábla 4.1: Líon na gclárúchán de réir bliana (Nollaig 2016)**

Bliain a Tharlaithe	oscailte	dúnta	% dúnta	gach cás	% de na cásanna ionchais
2007	3	30687	100%	30690	112%
2008	9	31818	100%	31827	111%
2009	4	34096	100%	34100	113%
2010	3	35829	100%	35832	111%
2011	9	38667	100%	38676	114%
2012	8	38546	100%	38554	106%
2013	33	38811	100%	38844	103%
2014	155	39418	100%	39573	102%
2015	5723	33530	85%	39253	101%
2016	19190	7774	29%	26964	69%

Tá thart ar 560,000 clárúchán (othair aonair) agus 678,000 siad i mbunachar sonraí na Clárlainne anois. Cláraítear breis is 39,000 cás ailse gach bliain na laethanta seo, i gcomparáid le 19,000 cás i 1994. Cruthaíodh beagáinín níos lú ná 45,800 siad nua agus dúnadh 44,800 cás idir mí Eanáir agus mí na Nollag 2016. (Tá san áireamh san fhigiúr seo na siadaí siúd a cruthaíodh agus a dúnadh araon le linn 2016.)

In 2015 cruthaíodh 43,500 cás agus dúnadh 39,600 cás.

Tabhair do d'aire: meastar líon ionchais na gcásanna trí thagairt do líon measta na gclárúchán le himeacht na dtrí bliana roimh an mbliain tarlaithe atá á dtuairisciú.

#### *Tráthúlacht*

In 2014, an bhliain tarlaithe iomlán is déanaí, cláraíodh 87% de na cásanna siada laistigh de 12 mhí tar éis dáta an tarlaithe, .i. feabhsú 2% i gcomparáid le 2013 (Tábla 4.2). Dúnadh 19% de na cásanna siada laistigh de bhliain amháin ó dháta an tarlaithe, rud arbh ionann é agus feabhsú 17.5% i gcomparáid le 2013. Tá feabhas beag ag teacht ar na figiúirí sin de réir a chéile, ach tá an scéal fós mar an gcéanna a bheag nó a mhór. Ní dócha go dtiocfadh aon feabhas suntasach ar chúrsaí tráthúlachta ach amháin dá dtosófaí ag bailiú sonraí leictreonacha ardcháilíochta ag an bpointe cúraim.

In ainneoin go bhfuil riaráistí fós ina n-údar imní dúinn, chuamar i ngleic le dhá réimse a bhí gan chlúdach le tamall fada anuas. Glactar leis go mbeidh roinnt daoine ag dul ar scor sna blianta amach romhainn, rud a imreoidh tionchar ar chúrsaí tráthúlachta ar roinnt cúiseanna éagsúla, m.sh. an méid ama a thógann sé le Cláraitheoir

Sonraí Ailse (CSA) nua a earcú agus le hoiliúint a chur orthu. Is iondúil go dtógann sé thart ar dhá bhliain ar Chláraitheoir Sonraí Ailse (CSA) le héirí inniúil sa ról seo.

Imeoidh feidhmiú an chórais cláraithe ailse nua atá ar na bacáin tionchar ar thráthúlacht na sonraí roimh an dáta feidhmithe, ar an dáta feidhmithe agus tar éis an dáta feidhmithe. Ní féidir beag is fiú a dhéanamh de seo.

**Tábla 4.2: Eatramh idir dáta an tarlaithe, dáta cruthaithe an cháis, agus dáta dúnta an cháis**

Bliain a Tharlaithe	Clárúcháin mar						
	% den líon ionchais	< 3 mhí	< 6 mhí	< 12 mhí	< 15 mhí	< 24 mí	< 36 mhí +
<b>2007</b>	108.4%	46.5%	67.1%	84.0%	87.4%	96.4%	100.0%
<b>2008</b>	109.9%	47.1%	67.9%	84.5%	90.0%	96.4%	100.0%
<b>2009</b>	109.3%	49.6%	72.4%	87.3%	91.1%	96.6%	100.0%
<b>2010</b>	107.2%	57.8%	73.4%	85.9%	90.2%	96.4%	100.0%
<b>2011</b>	107.5%	57.6%	68.6%	82.8%	90.1%	96.1%	100.0%
<b>2012</b>	104.1%	53.5%	64.8%	82.8%	89.0%	96.1%	100.0%
<b>2013</b>	103.3%	48.8%	70.6%	84.8%	91.2%	97.2%	100.0%
<b>2014</b>	102.8%	42.8%	69.0%	87.0%	92.1%	98.3%	100.0%
<b>2015</b>	103.9%	55.0%	78.0%	90.3%	94.6%	99.8%	100.0%
<b>2016</b>	94.3%	70.7%	92.8%	99.5%	100.0%	100.0%	100.0%

*Baineann na figiúirí i gcló iodálach le blianta neamhiomlána*

Baineann an laghdú a tháinig ar líon na gcásanna a cruthaíodh in 2013 agus 2014 i gcomparáid le 2010 agus 2012 agus le 2015 le daoine a bhí breoite agus a chuaigh ar scor tráth nach raibh an Chlárlann in ann baill foirne nua a earcú.



**Tábla 4.3: Eatramh idir dáta an tarlaithe, dáta cruthaithe an cháis, agus dáta dúnta an cháis**

Bliain a Tharlaithe	Clárúcháin mar						
	% den líon ionchais	3 mhí	< 6 mhí	< 12 mhí	< 15 mhí	< 24 mí	< 36 mhí +
<b>2007</b>	108.4%	2.2%	6.9%	24.4%	33.8%	68.9%	100.0%
<b>2008</b>	109.9%	2.1%	6.3%	21.0%	33.6%	74.0%	100.0%
<b>2009</b>	109.3%	2.5%	7.8%	23.8%	34.8%	76.5%	100.0%
<b>2010</b>	107.2%	2.6%	8.0%	21.3%	32.4%	73.5%	100.0%
<b>2011</b>	107.5%	2.3%	6.9%	21.6%	33.7%	72.3%	100.0%
<b>2012</b>	104.1%	2.1%	7.0%	20.8%	32.5%	68.7%	100.0%
<b>2013</b>	103.3%	1.9%	5.9%	17.5%	30.9%	74.9%	100.0%
<b>2014</b>	102.8%	1.3%	4.3%	19.2%	32.2%	84.6%	100.0%
<b>2015</b>	103.9%	1.5%	4.5%	21.9%	43.4%	97.5%	100.0%
<b>2016</b>	94.3%	13.4%	34.9%	83.8%	99.9%	99.9%	99.9%

*Baineann na figiúirí i gcló iodálach le blianta neamhiomlána*

Is cosúil go bhfuil feabhas tagtha ar líon na gcásanna a dúnadh in 2015 agus beidh le feiceáil an leanfaidh an treocht sin sna blianta amach romhainn.

**Tábla 4.4: Eatramh idir dáta cruthaithe an cháis agus dáta dúnta an cháis**

Bliain a Tharlaithe	Clárúcháin mar						
	% den líon ionchais	3 mhí	< 6 mhí	< 12 mhí	< 15 mhí	< 24 mí	< 36 mhí +
2007	108.4%	15.6%	24.3%	47.1%	61.4%	86.1%	100.0%
2008	109.9%	14.9%	23.7%	43.9%	60.6%	90.3%	100.0%
2009	109.3%	14.9%	23.6%	43.0%	59.5%	92.4%	100.0%
2010	107.2%	15.3%	24.0%	41.9%	58.6%	89.0%	100.0%
2011	107.5%	15.4%	23.2%	44.8%	60.1%	89.3%	100.0%
2012	104.1%	15.3%	21.9%	42.3%	56.2%	89.8%	100.0%
2013	103.3%	13.4%	18.5%	40.7%	60.4%	91.5%	100.0%
2014	102.8%	13.2%	21.7%	48.0%	62.8%	96.3%	100.0%
2015	103.9%	14.4%	21.2%	51.9%	71.5%	99.8%	100.0%
2016	94.3%	38.8%	56.5%	99.2%	100.0%	100.0%	100.0%

Baineann na figiúirí i gcló iodálach le blianta neamhiomlána

### Cóir Leighis

Tá méadú tagtha ar líon na n-eipeasóidí cóir leighis a chláraítear, ó 31,400 i 1994 go dtí beagáinín níos mó ná 88,300 in 2014, .i. an bhliain is déanaí a bhfuil na sonraí iomlán ina leith (Táblaí 4.3 agus 4.4). Mar an gcéanna leis na figiúirí i ndáil le dúnadh cásanna, bíonn iomláine na sonraí maidir le clárúcháin cóir leighis ar gcúl ar ghiniúint na gcásanna féin. Cuireadh beagáinín níos lú ná 99,000 eipeasóid cóir leighis sa bhreis leis in 2016.

**Tábla 4.5: Cóiracha leighis de réir cineáil agus bhliain an chóra leighis**

Cineál	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015	2016
scrúdú iarbháis	43	56	71	58	67	61	64	65	52	12
bithóipse	19186	21497	23531	25256	27094	27261	27771	28025	26659	13569
ceimiteiripe	6527	7175	8029	8967	9148	9277	9182	9169	8411	2591
comhairliúchán	5900	6426	5822	6142	6926	7036	7251	7661	6811	2453
hormón	3061	3257	3396	3256	3634	3700	3586	3182	2765	931
cóiracha leighis										
eile	1502	1367	1157	914	1040	886	891	859	542	111
radaiteiripe	6468	7478	7774	8385	8738	8886	8789	8732	7620	2788
obráid	22263	23195	25530	26413	28614	28799	29123	30547	30205	16148
gach cóir leighis	64953	70454	75313	79398	85268	85910	86669	88314	86991	55235

Baineann na figiúirí i gcló iodálach le blianta neamhiomlána

**Tábla 4.6: Cóir leighis de réir cineáil agus bhliain an tarlaithe**

Cineál	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015	2016
scrúdú iarbháis	47	56	71	58	69	59	61	68	51	9
bithóipse	19365	21568	23577	25353	27226	27291	27831	28030	26367	12823
ceimiteiripe	6726	7230	8264	9207	9130	9292	9265	9047	7877	1426
comhairliúchán	5915	6388	5839	6293	7126	7101	7203	7713	6466	1750
hormón	3166	3269	3393	3312	3703	3812	3466	3163	2485	295
cóir leighis										
eile	1502	1365	1129	890	1043	863	887	846	514	97
radaiteiripe	6709	7638	8128	8491	8974	8767	8984	8150	6462	963
obráid	22441	23396	25614	26851	28793	28899	29405	30528	29720	13981
anaithnid	2	8	3	10	9	5	28	103	4452	17983
gach cóir leighis	65873	70918	76018	80465	86073	86089	87130	87648	84394	49327

Baineann na figiúirí i gcló iodálach le blianta neamhiomlána

### Sonraí leictreonacha paiteolaíochta

Tá sonraí paiteolaíochta á bpróiseáil go leictreonach i gcomhair na n-ospidéal seo a leanas anois.

Ionaid ailse: Ospidéal Beaumont, Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, Ospidéal San Séamas, Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Ospidéal na hOllscoile, Luimneach (i gcás craicinn amháin).

Beidh sé seo á leathnú amach go dtí Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh agus go dtí gach suíomh de chuid Ospidéal na hOllscoile, Luimneach ó Aibreán 2017 ar aghaidh.

Ospidéal ghéarmhíochaine: Ospidéal Thamhlachta, Ospidéal Mhuire Lourdes, Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn, agus Ospidéal Ginearálta Shligigh.

Tháinig an socrú le hOspidéal Ginearálta Leitir Ceanainn i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2016 agus le hOspidéal Ginearálta Shligigh ag deireadh mhí an Mhárta 2017.

Ospidéal príobháideacha: Ospidéal Príobháideach an Mater Misericordiae agus Clinic an Beacon.

Ní fhaighimid téacs iomlán na dtuairiscí paiteolaíochta ó Ospidéal Mhuire Lourdes, ó Ospidéal Thamhlachta, ó Ospidéal Príobháideach an Mater Misericordiae, ó Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, ó Ospidéal Beaumont ná ó Chlinic an Beacon. Cláraítear siadaí le faisnéis an-teoranta dá bhrí sin agus is mar sin a bhíonn an cas go dtí go ndéanann an Cláráitheoir Sonraí Ailse (CSA) athbhreithniú ar an siad nó go dtí go ndúnann an cas. Seans go dtógfaidh sé sin idir 9 mí agus 24 mí.

Sa chás go bhfaighimid téacs iomlán na dtuairiscí, ní ann d'aon acmhainní le hathbhreithniú a dhéanamh ar na tuairiscí paiteolaíochta i gcás ospidéal áirithe. Cláraítear a leithéid de chásanna le faisnéis theoranta freisin agus is mar sin a bhíonn an cas go dtí go ndéanann an Cláráitheoir Sonraí Ailse (CSA) athbhreithniú ar an siad nó go dtí go ndúnann an cas.

Mar thoradh ar athruithe ar an bhfoireann in ospidéal príobháideach, ní bhíonn sleachta paiteolaíochta leictreonacha ar fáil don Chlárlann a thuilleadh. Tá sonraí paiteolaíochta cláraithe go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2016. Ní fios go fóill cén uair a bheidh an sliocht ar fáil arís.

Ós rud é go bhfuil gach uile shliocht paiteolaíochta go hiomlán éagsúil óna chéile, tá sé tábhachtach go ndéanfaí cáilíocht na sonraí a dhearbhu. Ní mór aon saincheisteanna atá fós amuigh a réiteach sula gcuirfear an córas nua i bhfeidhm; tá sé seo ina phríomhthosaíocht don bhliain 2016 agus leanfaidh de bheith amhlaidh go dtí go mbeidh an córas nua curtha i bhfeidhm ina iomláine.

Lean an Chlárlann uirthi ag obair ar thionscadal náisiúnta MedLIS le linn 2016 agus bhí i dteagmháil le foireann an tionscadail in 2017 chomh maith.

---

## Forbairtí ó thaobh na Teicneolaíochta Faisnéise de

### *An Córas Cláraithe Ailse*

Leanadh de dhul chun cinn a dhéanamh leis an tionscadal seo in 2016. Cuireadh roinnt babhtáí tástála úsáideora i gcrích ar an gcuid den tionscadal a bhaineann le hiontráil de lámh. Baineadh triail as sonraí a ascnamh roinnt uaireanta agus deimhníodh na torthaí. Cuireadh an obair forbartha ar an gcuid den tionscadal a bhaineann le sonraí leictreonacha i gcrích agus críochnaíodh an tástáil aonad chomh maith.

Tabharfar an tionscadal seo chun críche in 2017.

### *Slándáil mhéadaithe*

In 2016 chuir an Chlárlann réitigh i bhfeidhm d'fhonn an Chlárlann a chosaint tuilleadh i gcoinne bhagairt na mbogearraí mailíseacha. Chuir an Chlárlann Heimdal ag obair ar gach ríomhaire deisce agus ríomhaire glúine de chuid na Clárlainne. Ritheann Heimdal sa chúlra agus déanann trácht Idirlín a sheiceáil chun aon cheannphointí amhrasacha a bhrath agus bac a chur orthu. Oibríonn sé as lámha a chéile le bogearraí frithvíreas McAfee.

Ina theannta sin, chuir an Chlárlann Novi i ngníomh, a dhéanann athbhreithniú ar gach píosa r-phoist a sheoltar isteach chuig an gClárlann sula ndéantar aon seiceanna eile. Cuirtear bac ar r-phoist amhrasacha nó cuirtear ar coraintín iad de réir na tuairime atá ag Novi orthu.

### *Criptiú*

In 2016 chuir an Chlárlann tús le tionscadal le McAfee a chur in ionad TrueCrypt mar a rogha uirlise criptiúcháin. Cumasaíonn McAfee criptiú uathoibríoch, follasach gan bac a chur ar fheidhmíocht. Cuirtear criptiú i bhfeidhm go huathoibríoch de réir bheartas na Clárlainne agus is féidir sainroghanna difriúla a shocrú do dhaoine nó do ghrúpaí ar leith. Cuireann consól lárbhainistíochta ar ár gcumas na bogearraí a bhainistiú go héasca agus go hin-íniúchta. Féadann na bogearraí cruthúnas ar chriptiú a chur ar fáil sa chás go dtéann ríomhaire deisce nó ríomhaire glúine ar iarraidh.

Cuirfear an tionscadal sin i gcrích le linn 2017.

---

## Taighde agus Scaipeadh

### Deontais a bronnadh

- Maoin ón gCoimisiún Eorpach: “Joint Action on Rare Cancers” **€3,210** le himeacht 3 bliana
- Dámhachtain Samhraidh an Bhoird Taighde Sláinte: “Analysis of a large population-based survey of women’s knowledge of, and attitudes towards HPV infection and vaccination” **€2,000**.

## Dámhachtainí eile

- Dada.

## Achoimre ar ghníomhaíochtaí scaipthe, 2016

1. Cuireadh sonraí ar fáil do CI5, EUROCIM, EUROCARE, agus do thionscadail chosúla eile in am is i dtráth de réir mar a iarradh iad.
  - Ráta Minicíochta na hAilse i gCúig Ilchríoch: cuireadh tacar sonraí faoi bhráid IARC i mí na Samhna 2016.
  - CONCORD 3: cuireadh tacar sonraí isteach i mí Dheireadh Fómhair 2016.
  - SurvMark2 (an Chomhpháirtíocht Idirnáisiúnta Tagarmharcála Ailse): ullmhaíodh tacar sonraí i mí Dheireadh Fómhair 2016 ach cuireadh siar cur isteach an tacaí go dtí 2017 le fanacht le comhaontú aistrithe sonraí ón IARC.
  - Nuashonraíodh na figiúirí minicíochta suas go dtí an bhliain 2014 i mí na Nollag i dtaca leis an tuairisc straitéiseach ailse atá á hullmhú ag an Roinn Sláinte.
2. Líon na bpáipéar a cuireadh isteach in 2016 agus a bhí foilsithe/ag na clódóirí faoin 31/12/2016 a raibh ball foirne de chuid na Clárlainne Náisiúnta Ailse ina chéadúdar/dhara-údar/údar sinsearach orthu: **15** (as 25 páipéar a raibh aon bhall foirne de chuid na Clárlainne ina údar orthu, curtha isteach agus foilsithe/ag na clódóirí den chéad uair in 2016)
3. Líon na bpáipéar a cuireadh isteach in 2016 agus a bhí á measúnú amhail ar an 31/12/2016 a raibh ball foirne de chuid na Clárlainne Náisiúnta Ailse ina chéadúdar/dhara-údar/údar sinsearach orthu: **2** (as 6 pháipéar a raibh aon bhall foirne de chuid na Clárlainne ina údar orthu)
4. Líon iomlán na bpáipéar a foilsíodh den chéad uair in 2016 a raibh ball foirne de chuid na Clárlainne ina údar ainmnithe orthu: **31** (cuireadh isteach 6 cinn acu in 2014 nó in 2015).
5. Líon na láithreoireachtaí ó bhéal agus na láithreoireachtaí póstaer a tugadh ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. **6** [*chomh maith le 3 láithreoireacht a bhfuarthas cuireadh ina leith*]
6. Líon na n-iarratas a rinneadh ar dheontais/mhaoiniú le linn 2016: **2** (Dámhachtain Samhraidh an Bhoird Taighde Sláinte don bhliain 2017, Comhghníomh CE ar Chineálacha Annamha Ailse do 2016-2019).
7. Ceisteanna:
  - Rinneadh plé le **382** ceist ar a laghad in 2016.
8. Tuarascálacha
  - Líon na dtuarascálacha a foilsíodh in 2016: **2** (tuairisc staitistiúil bhliantúil agus tuairisc ar mhíchothromaíochtaí ailse).
  - Líon na dtuairiscí a foilsíodh in 2016: **3** (tuairiscí treochta).
9. Preaseisiúint agus/nó mír nuachta ar an láithreán gréasáin:
  - Líon iomlán na míreanna nuachta in 2016: **36**. Cuireadh amach aon tvuít amháin ar a laghad i dtaca le gach mír nuachta.
  - Líon na bpreaseisiúintí in 2016: **5** (lena n-áirítear 4 cinn a bhain le tuarascálacha agus 1 cheann a bhain le hathcheapadh an Stiúrthóra nua).
10. Láithreán gréasáin na Clárlainne:
  - Cuireadh figiúirí nuashonraithe maidir le rátaí minicíochta ailse (1994-2013) leis i mí Eanáir.

- Nuashonraíodh an fhoirm iarratais ar shonraí agus an tacar sonraí is féidir a íoslódáil (le cásanna go dtí 2013) i mí Feabhra.
- Nuashonraíodh na léarscáileanna ailse ar líne le cásanna go dtí 2013 i mí an Mhárta.
- Rinneadh athbhreithniú ar an leibhéal sonraí (lín na gcásanna beaga agus sonraí maidir le contaetha ar leith) a bhí ar fáil tríd an láithreán gréasáin agus laghdaíodh é i mí Dheireadh Fómhair.

## Tuarascálacha agus tuairiscí a foilsíodh in 2016

### *Tuarascálacha a foilsíodh in 2016*

1. Cancer inequalities in Ireland by deprivation, urban/rural status and age: a report by the National Cancer Registry. An Chlárlann Náisiúnta Ailse, Corcaigh, 2016 (Walsh PM, McDevitt J, Deady S, O'Brien K, Comber H)
2. An Ailse in Éirinn 1994-2014: Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse. An Chlárlann Náisiúnta Ailse, Corcaigh, 2016 (McDevitt J, Walsh PM)

### *Tuairiscí ar threochtaí ailse a foilsíodh in 2016*

1. An Ailse Chíche (McDevitt J).
2. An Ailse Phróstataigh (O'Brien K).
3. An Phríomh-Ailse Ae (Deady S).

### PÁIPÉIR LE hÚDAIR DE CHUID NA CLÁRLAINNE A BHÍ FOILSITHE NÓ AG NA CLÓDÓIRÍ AMHAIL AR AN 31/12/2016

1. Ali H, Sinnott S-J, Corcoran P, Deady S, Sharp L, Kabir Z. Oral cancer incidence and survival rates in the Republic of Ireland, 1994-2009. BMC Cancer. 2016.
2. Balfe M, Butow P, O'Sullivan E, Gooberman-Hill R, Timmons A, Sharp L. The financial impact of head and neck cancer caregiving: a qualitative study Psychooncology. An 16 Feabhra 2016. [leagan Epub roimh a chur i gcló].
3. Balfe M, Keohane K, O'Brien K M, Sharp L. Social networks, social support and social negativity: A qualitative study of head and neck cancer caregivers' experiences. Eur J Cancer Care. An 22 Nollaig 2016. [leagan Epub roimh a chur i gcló].
4. Balfe M, O'Brien KM, Timmons A, Butow P, O'Sullivan E, Gooberman-Hill R, Sharp L. Informal caregiving in head and neck cancer: caregiving activities and psychological well-being. Eur J Cancer Care. An 11 Iúil 2016. [leagan Epub roimh a chur i gcló].
5. Balfe, M., O'Brien, K., Timmons, A., Butow, P., O'Sullivan, E., Gooberman-Hill, R., Sharp, L. What factors are associated with posttraumatic growth in head and neck cancer carers? Eur J Oncol Nurs. 2016;21:31-37.
6. Balfe M, O'Brien KM, Timmons A, Butow P. O'Sullivan E, Gooberman-Hill R, Sharp L. The unmet supportive care needs of long-term head and neck cancer caregivers in the extended survivorship period. J Clin Nurs. 2016;25(11-12):1576 – 1586.
7. Bhatt N, Deady S, Gillis A, Bertuzzi A, Fabre A, Heffernan E, Gillham C, O'Toole G, Ridgway PF. Epidemiological study of soft-tissue sarcomas in Ireland. Cancer Med. 2016;5(1):129-35. [*riomhfoilsithe in 2015.*]
8. Breugom AJ, Bastiaannet E, Boelens PG, Iversen LH, Martling A, Johansson R, Evans T, Lawton S, O'Brien KM, Van Eycken E, Janciauskiene R, Liefers GJ, Cervantes A, Lemmens VE, van de Velde CJ. Adjuvant

- chemotherapy and relative survival of patients with stage II colon cancer - A EURECCA international comparison between the Netherlands, Denmark, Sweden, England, Ireland, Belgium, and Lithuania. *Eur J Cancer*. 2016;63:110-7.
9. Clarke N, Gallagher P, Kearney PM, McNamara D, Sharp L. Impact of gender on decisions to participate in faecal immunochemical test-based colorectal cancer screening: a qualitative study. *Psychooncology*. An 18 Feabhra 2016. [leagan Epub roimh a chur i gcló].
  10. Clarke N, McNamara D, Kearney PM, O'Morain CA, Shearer N, Sharp L. The role of area-level deprivation and gender in participation in population-based faecal immunochemical test (FIT) colorectal cancer screening. *Prev Med*. 2016;93:198-203.
  11. Coffey L, Mooney O, Dunne S, Sharp L, Timmons A, Desmond D, O'Sullivan E, Timon C, Gooberman-Hill R, Gallagher P. Cancer survivors' perspectives on adjustment-focused self-management interventions: a qualitative meta-synthesis. *J Cancer Surviv*. 2016;10:1012-1034.
  12. Collins DC, Velázquez-Kennedy K, Deady S, Brady AP, Sweeney P, Power DG. National incidence, management and survival of urachal carcinoma. *Rare Tumors*. 2016;8(3):6257.
  13. Comber H, De Camargo Cancela M, Haase T, Johnson H, Sharp L, Pratschke J. Affluence and private health insurance influence treatment and survival in non-Hodgkin's lymphoma. *PLOS ONE*. 2016;11(12):e0168684.
  14. Comber H, Sharp L, de Camargo Cancela M, Haase T, Johnson H, Pratschke J. Causes and outcomes of emergency presentation of rectal cancer. *Int J Cancer*. 2016.
  15. Drummond FJ, O'Leary E, Gavin A, Kinnear H, Sharp L. Mode of prostate cancer detection is associated with the psychological wellbeing of survivors: results from the PiCTure study. *Support Care Cancer*. 2016;24(5):2297-307.
  16. Gaynor C, Iqbal M, Comber H, Deady S, McCormick A. Improving prognosis for patients with hepatocellular carcinoma in Ireland 1994-2008. *Eur J Gastroenterol Hepatol*. An 9 Samhain 2016. [leagan Epub roimh a chur i gcló].
  17. Gogarty DS, Lennon P, Deady S, Barry O'Sullivan J, McArdle O, Leader M, Sheahan P, O'Neill JP. Variation in treatment and outcome in the early stage oral cavity squamous cell carcinoma. *Eur Arch Otorhinolaryngol*. An 9 Meán Fómhair 2016. [leagan Epub roimh a chur i gcló].
  18. Hanly P, Maguire R, Balfe M, Hyland P, Timmons A, O'Sullivan E, Butow P, Sharp L. Burden and happiness in head and neck cancer carers: the role of supportive care needs. *Support Care Cancer*. 2016;24(10):4283-91.
  19. Lennon P, Deady S, Healy ML, Toner M, Kinsella J, Timon C, O'Neill JP. Anaplastic thyroid carcinoma: Failure of conventional therapy but hope of targeted therapy. *Head & Neck*. An 18 Feabhra 2016. [leagan Epub roimh a chur i gcló].
  20. Lennon P, Deady S, White N, Lambert D, Healy ML, Green A, Kinsella J, Timon C, O'Neill JP. Aggressive medullary thyroid cancer, an analysis of the Irish National Cancer Registry. *Ir J Med Sci*. An 9 Meán Fómhair 2016. [leagan Epub roimh a chur i gcló].
  21. McDevitt J, Comber H, Walsh PM. Colorectal cancer incidence and survival by sub-site and stage of diagnosis: a population-based study at the advent of national screening. *Ir J Med Sci*. An 1 Samhain 2016. [leagan Epub roimh a chur i gcló].
  22. McDevitt J, de Camargo Cancela M, Kelly M, Comber H, Sharp L. Tracheostomy and infection prolong length of stay in hospital after surgery for head and neck cancer: a population based study. *Oral Surg Oral Med Oral Pathol Oral Radio*. 2016;121(1):22-28.e1. [ríomhfhóilsithe in 2015.]
  23. O'Brien K M, Timmons A, Butow P, Gooberman-Hill R, O'Sullivan E, Balfe M, Sharp L. Associations between neighbourhood support and financial burden with unmet needs of head and neck cancer survivors. *Oral Oncology*. An 28 Nollaig 2016. [leagan Epub roimh a chur i gcló].

24. O'Connor M, Gallagher P, Waller J, Martin CM, O'Leary JJ, Sharp L; Cuibhreannas Taighde Scagthástála Ceirbheacs na hÉireann (CERVIVA). Adverse psychological outcomes following colposcopy and related procedures: a systematic review. *BJOG*. 2016;123(1):24-38. [*Curtha isteach 2014, Ríomhfhóilsithe 2015.*]
25. O'Connor M, O'Leary E, Waller J, Gallagher P, D'arcy T, Flannelly G, Martin CM, McRae J, Prendiville W, Ruttle C, White C, Pilkington L, O'Leary JJ, Sharp L; Cuibhreannas Taighde Scagthástála Ceirbheacs na hÉireann (CERVIVA). Trends in, and predictors of, anxiety and specific worries following colposcopy: a 12-month longitudinal study. *Psychooncology*. 2016;25(5):597-604. [*ríomhfhóilsithe in 2015.*]
26. O'Connor M, Waller J, Gallagher P, Martin CM, JO'Leary J, D'Arcy T, Prendiville W, Flannelly G, Sharp L. Exploring women's sensory experiences of undergoing colposcopy and related procedures: implications for preparatory sensory information provision. *J Psychosom Obstet Gynaecol*. An 6 Iúil 2016. [leagan Epub roimh a chur i gcló].
27. O'Regan JA, Prendeville S, McCaughan JA, Traynor C, O'Brien FJ, Ward FL, O'Donovan D, Kennedy C, Berzan E, Kinsella S, Williams Y, O'Kelly P, Deady S, Comber H, Leader M, Conlon P. Posttransplant lymphoproliferative disorders in Irish renal transplant recipients: insights from a national observational Study. *Transplantation*. An 9 Meán Fómhair 2016. [leagan Epub roimh a chur i gcló].
28. Pearce A, Bradley C, Hanly P, O'Neill C, Thomas AA, Molcho M, Sharp L. Projecting productivity losses for cancer-related mortality 2011 – 2030 *BMC Cancer*. 2016;16(1):804.
29. Pratschke J, Haase T, Comber H, Sharp L, de Camargo Cancela M, Johnson H. Mechanisms and mediation in survival analysis: towards an integrated analytical framework. *BMC Gastroenterol*. 2016;16(1):27.
30. Sharp L, O'Leary E, Kinnear H, Gavin A, Drummond FJ. Cancer-related symptoms predict psychological wellbeing among prostate cancer survivors: results from the PiCTure study. *Psychooncology*. 2016;25(3):282-91. [*Curtha isteach 2014, Ríomhfhóilsithe 2015.*]
31. Sharp L, Timmons A. Pre-diagnosis employment status and financial circumstances predict cancer-related financial stress and strain among breast and prostate cancer survivors. *Support Care Cancer*. 2016;24(2):699-709. [*Curtha isteach 2014, Ríomhfhóilsithe 2015.*]

#### *Láithreoirachtaí a iarradh ar Bhaill Foirne de chuid na Clárlainne a thabhairt ag comhdhálacha/cruinnithe*

1. O'Brien K. Cancer registry methodologies. Scoil na Staitisticí, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, an 9 Samhain 2016.
2. Walsh PM. Cancer in the older Irish population. An 2ú Cruinniú Éireannach um an Oinceolaíocht Gheiriatrach, Baile Átha Cliath, an 9 Aibreán 2016.
3. Walsh PM, McDevitt J, Deady S, O'Brien K, Comber H. Cancer inequalities in Ireland by deprivation, urban/rural status and age. An Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse, Baile Átha Cliath, an 9 Bealtaine 2016.

#### *Láithreoirachtaí a thug Baill Foirne de chuid na Clárlainne ag comhdhálacha/cruinnithe*

1. Brown C, Barron T I. Caution in time-to-event models where a pre-event state modifies time-varying exposure. An 2ú Comhdháil Bhliantúil de Líonra SPHERE, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, Baile Átha Cliath, an 29 Feabhra 2016.
2. O'Brien K. Characteristics of screen-detected breast cancers. Comhdháil ar Staitisticí Feidhmeacha in Éirinn, Ollscoil Luimnigh, an 16 - 18 Bealtaine 2016.
3. O'Connor M, O'Brien K, Waller J, Gallagher O, D'Arcy T, Flannelly G, Martin CM, Prendiville W, O'Leary JJ, Sharp L. Physical after-effects of colposcopy and their interrelationships with psychological distress: a longitudinal study. An 18ú Comhdháil Idirnáisiúnta de Chumann na Síocoinceolaíochta, Baile Átha Cliath, an 17 - 21 Deireadh Fómhair 2016.
4. O'Connor M, Waller J, Gallagher P, Martin C, O'Leary J, Sharp L. Development of a theory-based intervention to alleviate psychological distress of follow-up procedures for cervical abnormalities. An 12ú



Cruinniú Eolaíoch Bliantúil de Chumann na Ríochta Aontaithe um an Míochaine Iompraíochta, Caerdydd, an 1 - 2 Nollaig 2016.

*Láithreoirachtaí póstaer a thug Baill Foirne de chuid na Clárlainne*

1. O'Connor M, O'Brien K, McRae J, Martin CM, O'Leary JJ, Sharp L. What can we do to increase cervical cancer screening uptake among older women? Understanding the views of older women. An 18ú Comhdháil Idirnáisiúnta de Chumann na Síocoinceolaíochta, Baile Átha Cliath, an 17 - 21 Deireadh Fómhair 2016.
2. Pearce AM, Watson V, Gallagher P, Timmons A, Sharp L. Pre-testing with cognitive interviews highlights unanticipated decision making in a DCE. Cruinniú Gheimhreadh 2016 den Ghrúpa Staidéir Eacnamaíochta Sláinte, Manchain, an 6 - 8 Eanáir 2016.


### Aidhmeanna

I measc na ndualgas reachtúil atá ar an gClárlann Náisiúnta Ailse tá dualgas *“le húsáid na sonraí a chur chun cinn agus a éascú...i dtionscadail cheadaithe taighde agus i seirbhísí a phleanáil agus a bhainistiú.”* Déantar an dualgas sin a chomhlíonadh ach na sonraí a chur ar fáil go forleathan i bhformáid gan tréithe pearsanta luaite, obair a dhéanamh as lámha a chéile le taighdeoirí taobh amuigh den Chlárlann, agus trí chlár inmheánach taighde na Clárlainne. Mar gheall nach ann d’aon chlár acadúil taighde ar eipidéimeolaíocht na hailse in aon ollscoil Éireannach, is beag úsáid atá bainte as sonraí na Clárlainne ag páirtithe eile, agus is í an Chlárlann féin, nó an Chlárlann i gcomhar le páirtí eile, a bhí taobh thiar den chuid ba mhó den taighde sa réimse.

Is é príomhaidhm chlár taighde na Clárlainne ná faisnéis a chur ar fáil a chabhróidh le hualach na hailse a laghdú, trí thuiscint a chothú ar

- cúiseolaíocht agus leitheadúlacht fachtóirí riosca;
- dáileadh céime na hailse agus fachtóirí a bhfuil feidhm acu air seo, lena n-áirítear an scagthástáil;
- patrúin chúraim, na fachtóirí cinntitheacha agus na torthaí a bhaineann leo, agus eispéireas an othair;
- torthaí ar chúram na hailse, lena n-áirítear torthaí a chuireann an t-othar féin in iúl agus ainiarmhairtí paiteolaíocha fadtréimhseacha na hailse (daoine a tháinig slán as an ailse), marthanas, agus an t-ualach geilleagrah (ar na seirbhísí sláinte, othair, agus an tsochaí).

Tá an straitéis taighde atá againn i láthair na huaire bunaithe ar thrí chroíthéama – an eipidéimeolaíocht thuairisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte, agus an taighde aeiteolaíoch.



Is minic a bhaineann taighde dár gcuid le níos mó ná ceann amháin de na téamaí sin agus, mar sin, is fearr cur síos a dhéanamh air faoi cheann de na sruthanna oibre seo a leanas, mar atá leagtha amach sa léaráid thuas:

- Tarluithe, cóir leighis, agus faireachas ar bhásmhaireacht i gcomhair na hailse
- Scagthástáil ailse
- Marthanas na hailse
- Daoine a tháinig slán as an ailse
- Eacnamaíocht sláinte na hailse
- Patrúin, deitéarmanaint, agus eispéiris na córa leighis ailse
- Cógas-eipidéimeolaíocht
- Fachtóirí riosca i gcomhair fhorbairt na hailse

### Tionscadail taighde

Ar cheann de na croí-aidhmeanna atá ag Clárann Náisiúnta Ailse na hÉireann ná úsáid ár sonraí a chur chun cinn agus a éascú i ndáil le taighde agus seirbhísí a phleanáil agus a bhainistiú in Éirinn. Ina theannta sin, tá leasanna taighde agus saineolas againn i réimse leathan ábhar a bhaineann leis an ailse ach nach mbaineann le húsáid na sonraí clárúcháin ailse. Tá roinnt mhaith tionscadal taighde déanta againn ar réimsí éagsúla dá bhrí sin, roinnt mhaith acu a raibh comhar le páirtithe laistigh agus lasmuigh den Chlárann Náisiúnta Ailse i gceist leo. Tá an straitéis taighde atá againn i láthair na huairé bunaithe ar thrí chroíthéama – *an eipidéimeolaíocht thuarisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte, agus an taighde aeiteolaíoch*.

Is minic a bhaineann taighde dár gcuid le níos mó ná ceann amháin de na téamaí sin agus, mar sin, is fearr cur síos a dhéanamh air faoi cheann de na sruthanna oibre seo a leanas:

- Tarluithe, cóir leighis, agus faireachas ar bhásmhaireacht i gcomhair na hailse
- Scagthástáil ailse
- Marthanas na hailse
- Daoine a tháinig slán as an ailse
- Eacnamaíocht sláinte na hailse
- Patrúin, deitéarmanaint, agus eispéiris na córa leighis ailse
- Cógas-eipidéimeolaíocht
- Fachtóirí riosca i gcomhair fhorbairt na hailse.

Tá tugtha thíos liosta de na tionscadail atá ar bun faoi láthair.

Teideal an tionscadail	Téama an taighde
ATHENS - A Trial of HPV Education and Support	Taighde ar sheirbhísí sláinte
Breast cancer subtypes: a comparison of cancers that are screen-detected, intervals, and in non-attenders	Eipidéimeolaíocht thuarisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte
Cancer incidence in Irish kidney transplant recipients	Eipidéimeolaíocht thuarisciúil, taighde aeiteolaíoch
Cancer incidence, treatment and mortality surveillance	Eipidéimeolaíocht

	thuirisciúil
Cancer survival studies	Eipidéimeolaíocht thuirisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte
CANWON - EU Cancer and Work Network	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
CaPPE - Cancer Pharmacoepidemiology & Pharmacoeconomics	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
CaRE - Cancer and Return to Employment	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
CERVIVA - Irish Cervical Screening Research Consortium	Taighde ar sheirbhísí sláinte
CERVIVA 2 - Irish Cervical Screening Research Consortium	Taighde ar sheirbhísí sláinte
CERVIVA ICE - Irish Cervical Screening Research Consortium	Taighde ar sheirbhísí sláinte
CERVIVA ICE II – From episodic care to disease prevention and management: Developing analytical skills and interdisciplinary learning from the case of HPV related cancers	Taighde ar sheirbhísí sláinte
Challenges in cancer survivorship - costs, inequalities and post-treatment follow-up (Tionscadal ICE)	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
Childhood and adolescent cancer survival and incidence	Eipidéimeolaíocht thuirisciúil
CONCORD-2 – international cancer survival comparisons	Eipidéimeolaíocht thuirisciúil
Consistency, appropriateness and management of cancer services	Eipidéimeolaíocht thuirisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte
Cost-effectiveness of PSA testing for the secondary prevention of prostate cancer	Taighde ar sheirbhísí sláinte
Costs of lost productivity due to cancer-related premature mortality	Taighde ar sheirbhísí sláinte
Economic impact of cancer in Ireland	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
Effect of social and spatial isolation among cancer patients on treatment receipt and survival	Eipidéimeolaíocht thuirisciúil
Effects of pharmacological exposure on Ovarian Cancer	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
EU Pancreas - An integrated European platform for pancreas cancer research	Taighde aeiteolaíoch
Excess burden of cancer in men in Ireland 1994-2008	Eipidéimeolaíocht thuirisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte
Factors associated with participation in colorectal cancer screening	Taighde ar sheirbhísí sláinte
Financial impact of a cancer diagnosis	Taighde ar sheirbhísí sláinte,

	taighde aeiteolaíoch
FINBAR - Factors INfluencing the Barrett's/Adenocarcinoma Relationship	Taighde aeiteolaíoch
Geographical studies	Eipidéimeolaíocht thuarisciúil
Hospital length-of-stay after cancer surgery	Eipidéimeolaíocht thuarisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte
International comparisons of breast cancer treatment and survival	Eipidéimeolaíocht thuarisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte
PanCAM - Pancreatic Cancer Aetiology & Management	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
PiCTure - Prostate Cancer Treatment: the effect on health-related quality-of-life and other patient-reported outcomes	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
PiCTure 2 - Men's experiences of prostate cancer care in Ireland	Taighde ar sheirbhísí sláinte
Smoking & survival in cancer	Eipidéimeolaíocht thuarisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte
SuN study - supportive care needs of survivors of head & neck cancer	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
SuN Study 2 - supportive care needs of informal carers of survivors of head & neck cancer	Taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde aeiteolaíoch
Treat - Treatment Receipt in Elderly women diagnosed with cancer	Eipidéimeolaíocht thuarisciúil, taighde ar sheirbhísí sláinte

#### [Iarratais ar dheontais/mhaoiniú a cuireadh isteach in 2015](#)

##### *[Iarratais a rinneadh in 2015 a raibh an cinneadh deiridh ina leith fós ar feitheamh ag deireadh na bliana](#)*

Drummond F, O'Brien K et al. Investigation of the feasibility of screening for psychological distress 'the sixth vital sign in cancer care' among men with prostate cancer; Towards improved cancer care and survivorship. Dámhachtainí Taighde Sláinte an Bhoird Taighde Sláinte, 2015. [Níor éirigh leis.]

## PLEANÁIL STRAITÉISEACH 2013-2016

---

### Cúlra

---

De bharr gur ceapadh bord nua chun na Clárlainne Náisiúnta Ailse sa bhliain 2014, agus de bharr go rabhthas ag súil go rachadh an Stiúrthóir reatha ar scor ag an am céanna, ghlac an Bord cinneadh lena phlean straitéiseach reatha a athnuachan agus a leathnú leis na seirbhísí sláinte agus an timpeallacht taighde in Éirinn, a bhíonn ag athrú i gcónaí, a chur san áireamh. Mar chuid den phróiseas sin d’eagraigh an Bord comhairliúchán, lena n-áirítear suirbhé ar thuairimí eochairchomhlachtaí agus eochairdhaoine aonair maidir le ról na Clárlainne i láthair na huaire agus amach anseo.

Seo a leanas roinnt de na príomhghnéithe a tháinig chun solais de dhroim an chomhairliúcháin sin:

- Ba chóir do chliniceoirí ról ní ba mhó a bheith acu i dtaobh comhairle a chur ar an gClárlann, cuir i gcás, trí Choiste Comhairleach a chur ar bun.
- Ba chóir don Chlárlann ní ba mhó teagmhála a bheith aici le cliniceoirí agus leis an bpobal.
- Ba chóir don Chlárlann fanacht neamhspleách oiread agus is féidir.
- Ba chóir na sonraí a bhailiú agus a chur ar fáil ar bhealach ní ba thráthúla.
- Ba chóir go mbeadh clárú cásanna ailse éigeantach.
- Ba chóir cur leis an ngnáth-thacar sonraí le go mbeadh stair theaghlaigh agus fachtóirí riosca san áireamh ann, mar shampla.
- Ba chóir don Chlárlann iarracht a dhéanamh faisnéis leantach a chur ar fáil ar othair.
- Ba chóir an fhaisnéis a chur ar fáil chomh forleathan agus ab fhéidir.
- Ba chóir taighde a úsáideann idir shonraí clárúcháin agus sonraí breise a spreagadh.

Ghlac an Bord leis an ráiteas straitéise 3 bliana seo a leanas i mí na Nollag 2013.

### Ráiteas straitéise 2013-2016

---

#### Aidhmeanna

1. Sonraí cruinne, tráthúla, cuimsitheacha a bhailiú tríd an gclárúchán ailse agus trí ghníomhaíochtaí taighde gaolmhara eile.
2. Sonraí agus torthaí anailíse a scaipeadh ar bhealach ábhartha, cuimsitheach.

#### Dúshlán

Rinne an Bord sainaitheint ar roinnt eochairdhúshlán straitéiseacha i dtaobh na Clárlainne.

1. Sainaitheint a dhéanamh ar an suíomh barrmhaith don Chlárlann tráth a raibh na seirbhísí poiblí agus sláinte á n-atheagrú agus á n-athchóiriú.
2. Cáilíocht an aischuir sonraí agus taighde ón gClárlann a choinneáil agus a fheabhsú tráth a raibh na seirbhísí sláinte ag athrú agus sriantaí airgeadais á gcur orthu.

3. An Chlárlann a dhéanamh níos ábhartha don phleanáil seirbhísí agus don chleachtas cliniciúil chun leas na n-othar ailse.

## Cuspóirí Straitéiseacha

Ghlac an Bord le roinnt cuspóirí straitéiseacha a d'éascair as na dúshláin sin.

### 1. Suíomh barrmhaith don Chlárlann

- a. Ba chóir d'aon socrúithe a bheith inbhuanaithe agus ní mór dóibh ligean don Chlárlann fanacht neamhspleách agus sonraí á dtuairisciú aici.
- b. I gcomhairle leis an Aire Sláinte, oifigigh dá chuid, lucht bainistíochta FSS, agus páirtithe eile, cumraíocht agus socrú rialachais fadtréimhseach a chomhaontú don Chlárlann. D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist leis sin leanúint ar aghaidh mar ghníomhaireacht neamhspleách de chuid na Roinne Sláinte, comhtháthú leis an Roinn Sláinte, comhtháthú le gníomhaireacht éirim sláinte nó sláinte poiblí, nó cumasc leis an gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse nó le comhpháirtíocht acadúil.
- c. Breathnú ar na féidearthachtaí maidir le naisc níos dlúithe a chothú le comhlachtaí acadúla laistigh d'Éirinn d'fhonn comhoibriú leo ar bhealach níos dlúithe i réimsí amhail taighde, anailísiú sonraí, agus modheolaíocht, chomh maith le deiseanna gairme thaighdeoirí na Clárlainne a fheabhsú.

### 2. Cáilíocht an aischuir sonraí agus taighde ón gClárlann a choinneáil agus a fheabhsú

- a. Comhpháirtíochtaí agus acmhainn a fhorbairt i gcomhair taighde ar an éirim sláinte agus ar sheirbhísí ailse.
- b. Caidreamh níos gníomhaí a chothú le clárlanna agus le comhlachtaí eile sa chuid eile den Eoraip agus níos faide i gcéin.
- c. Rannpháirtíocht agus comhoibriú a spreagadh go forleathan sa taighde.
- d. An Chlárlann a choinneáil ar thús cadhnaíochta ó thaobh fhorbairt an chlárúcháin agus an taighde de ar bhonn idirnáisiúnta.
- e. Breathnú ar na féidearthachtaí maidir le dlúthchaidreamh a fhorbairt le páirtithe san earnáil acadúil, ach gan caidreamh speisialta a chothú le haon institiúid acadúil amháin.

### 3. An Chlárlann a dhéanamh níos ábhartha don phleanáil seirbhísí agus don chleachtas cliniciúil

- a. Próisis teagmhála rialta, éifeachtaí le cliniceoirí agus le grúpaí ospidéal a chur ar bun lena fháil amach cén chaoi a bhféadfadh an Chlárlann cúnamh a thabhairt dóibh, agus cén chaoi a bhféadfaidís cúnamh a thabhairt don Chlárlann.
- b. Aschuir rialta a chur ar fáil.
- c. Breathnú ar mhodhanna le sonraí a bhailiú ar bhealach níos tráthúla.
- d. Breathnú ar na féidearthachtaí maidir le tacar sonraí na Clárlainne a leathnú, go háirithe i gcás na sonraí leantacha.
- e. Infheictheacht na Clárlainne agus na sonraí clárúcháin a mhéadú don phobal agus do chliniceoirí, agus i dtacú le seirbhísí a phleanáil, agus le monatóireacht agus measúnacht a dhéanamh orthu.
- f. Obair a dhéanamh i dtreo na sonraí a chur ar fáil agus a chomhroinnt ar fud fad na seirbhísí ailse agus dúbailt sonraí a sheachaint agus na sonraí á mbailiú agus á dtuairisciú.
- g. Feasacht an phobail ar an gClárlann agus a saothar a fheabhsú.

## Bearta Straitéiseacha

### 1. Suíomh barrmhaith don Chlárlann

- a. Todhchaí na Clárlainne a phlé le heochairdhaoine aonair.
- b. Stiúirthóir nua a cheapadh don Chlárlann a bhfuil na scileanna agus an saineolas aige/aici chun a bheith i gceannas ar an gClárlann, í a fhorbairt i rith na hidirthrémhse seo, agus na deiseanna a d'eascródh as aon athchumrú a uasmhéadú.
- c. Tús a chur le plé le comhlachtaí acadúla in Éirinn ar na féidearthachtaí maidir le comhoibriú ar leibhéal éagsúla, lena n-áirítear poist chomhroinnte, áiseanna comhroinnte, agus comharchláir thaighde.

### 2. Cáilíocht an aischair sonraí agus taighde ón gClárlann a choinneáil agus a fheabhsú

- a. Coiste um fhaisnéis ailse a chur ar bun i ngach grúpa ospidéal le breathnú ar rochtain ar shonraí agus ar acmhainní a úsáid go háitiúil ar bhealach níos éifeachtaí.
- b. Tacú leis an mBille um Fhaisnéis Sláinte agus le clárúchán na hailse a dhéanamh éigeantach
- c. Obair a dhéanamh as lámha a chéile le
  - Foirne TF in ospidéal agus i FSS le hinfhaighteacht agus cáilíocht sonraí leictreonacha ó chórais histeapaiteolaíochta, oinceolaíochta, radaiteiripe, agus ó chórais eile den sórt sin a mhéadú.
  - Tá an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta le rochtain ar shonraí HIPE a fheabhsú;
  - árachóirí sláinte príobháideacha le sonraí maidir le héilimh a chur ar fáil.
- d. Láithreán gréasáin na Clárlainne a fheabhsú le rochtain ar shonraí a fheabhsú.
- e. Cur le líon na bpáipéar a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu.
- f. Baill foirne na Clárlainne a spreagadh chun freastal ar chomhdhálacha cliniúla le tionscadail taighde agus anailíse a chur i láthair.
- g. Obair a dhéanamh le hinstitiúidí acadúla agus taighde le comharthaighde a fhorbairt in Éirinn agus níos faide i gcéin.

### 3. An Chlárlann a dhéanamh níos ábhartha don phleanáil seirbhísí agus don chleachtas cliniúil

- a. Grúpa Comhairleach Cliniúil a chur ar bun, i gcomhar leis an gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse, le breathnú ar réimsí a bhfuil suim ag an dá ghrúpa iontu in éineacht le pobal cliniúil na hailse, lena n-áirítear tuilleadh comhoibrithe i réimsí amhail bailiú sonraí, míreanna breise sonraí, agus tuairisciú níos dírithe.
- b. Dul i ndáil chomhairle leis an Roinn Sláinte, an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse, FSS, agus comhlachtaí ábhartha eile maidir le cineál agus inneachar na n-aschur is mian leo a fháil ón gClárlann.
- c. Acmhainn na Clárlainne a fhorbairt i ndáil leis an eacnamaíocht sláinte agus an mheasúnacht seirbhíse.
- d. Acmhainn a fhorbairt i ndáil le nascáil agus anailísiú na bainistíochta sonraí, i réimsí a bhfuil baint acu le seirbhísí ailse a phleanáil, agus le monatóireacht agus measúnacht a dhéanamh orthu.



## TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

---

Chomhaontaigh an Bord táscairí feidhmíochta in 2010 d'fhonn measúnacht a dhéanamh ar cén chaoi ar éirigh leis an gClárlann na cuspóirí atá leagtha amach sa phlean straitéiseach a bhaint amach. Roghnaíodh spriocanna a bhí beagáinín ní b'fhearr ná an fheidhmíocht a bhí ann cheana sa chuid ba mhó de na réimsí. Tá an fheidhmíocht i gcoinne na dtáscairí seo léirithe thíos don bhliain is déanaí atá ar fáil. Tá na táscairí nár baineadh amach léirithe i gcló dearg.

### Aidhmeanna

---

1. Táscairí feidhmíochta a chur ar fáil le feidhmíocht na Clárlainne Náisiúnta Ailse a thomhas i leith an plean straitéiseach a chur i ngníomh.
2. Feidhmíocht na Clárlainne Náisiúnta Ailse a chur i gcomparáid le comhlachtaí cosúla eile.

### Clárúchán

---

#### Táscairí feidhmíochta

##### *a. Tráthúlacht*

	<b>2012</b>	<b>2013</b>
1. Is cóir 50% de na cásanna ailse ionraí, seachas an ailse chraicinn nach meileanóma í, a chlárú laistigh de na chéad 3 mhí tar éis dháta an tarlaithe.	53.6%	49%
2. Is cóir 90% de na cásanna ailse ionraí, seachas an ailse chraicinn nach meileanóma í, a chlárú laistigh de na chéad 12 mhí tar éis dháta an tarlaithe.	82.9%	85.2%
3. Is cóir 90% de na cásanna ailse ionraí, seachas an ailse chraicinn nach meileanóma í, a dhúnadh laistigh de na chéad 24 mí tar éis dháta an tarlaithe.	68.9%	75.6%

##### *b. Cruinneas*

1. Is cóir do chásanna 'deimhniú báis amháin' a bheith níos lú ná 1% de líon iomlán na gcásanna ailse ionraí, seachas an ailse chraicinn nach meileanóma í.	0.5%	1%
2. Is cóir do 90% de na cásanna ailse ionraí, seachas an ailse chraicinn nach meileanóma í, a bheith deimhnithe go micreascópach, má tá an cás dúnta.	92.4%	92.4%
3. Is cóir do chásanna ailse i suíomhanna drochshainithe a bheith níos lú ná 3% de líon iomlán na gcásanna ailse ionraí, seachas an ailse chraicinn nach meileanóma í.	2.0%	2.0%

### Taighde agus Scaipeadh

---

1. Sonraí a chur ar fáil do CI5, EUROCIM, EURO CARE, agus do thionscadail chosúla eile in am is i dtráth de réir mar a iarrtar iad.

- Athbhreithniú ar an Straitéis Ailse – tuilleadh sonraí agus anailísí curtha ar fáil don Roinn Sláinte maidir le rátaí minicíochta, treochtaí, fortheilgin, rátaí leitheadúlachta, rátaí marthanachta, céimniú, radaiteiripe, ailse i measc daoine óga agus míchothromaíochtaí ailse.

## 2. Páipéir a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu a fhoilsiú in irisleabhair mór le rá

(a) Líon nach lú ná 12 pháipéar (ball foirne de chuid na Clárlainne le bheith ina chéadúdar/dhara-údar/údar sinsearach) a chur isteach lena bhfoilsiú in irisleabhair a ndéantar piarmheasúnú orthu.

- Líon na bpáipéar a cuireadh isteach in 2016 agus a bhí foilsithe/ag na clódóirí faoin 31/12/2016 a raibh ball foirne de chuid na Clárlainne Náisiúnta Ailse ina chéadúdar/dhara-údar/údar sinsearach orthu: **15** (as 25 pháipéar a raibh ball foirne de chuid na Clárlainne ina údar orthu, curtha isteach agus foilsithe/ag na clódóirí den chéad uair in 2016).
- Líon na bpáipéar a cuireadh isteach in 2016 agus a bhí á measúnú amhail ar an 31/12/2016 a raibh ball foirne de chuid na Clárlainne Náisiúnta Ailse ina chéadúdar/dhara-údar/údar sinsearach orthu: **2** (as 6 pháipéar a raibh aon bhall foirne de chuid na Clárlainne ina údar orthu)

(b) Líon nach lú ná 24 láithreoireacht ó bhéal nó láithreoireacht phóstaer a thabhairt ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta.

- Líon na láithreoireachtaí ag comhdhálacha (tar éis cuireadh a fháil, ó bhéal, nó póstaer) a thug baill foirne de chuid na Clárlainne in 2015: **25**

## 3. A Bheith i gceannas ar chur isteach 4 iarratas ar dheontais/mhaoiniú, nó bheith páirteach iontu.

- Líon na n-iarratas a rinneadh ar dheontais/mhaoiniú le linn 2016: **2** (Dámhachtain Samhraidh an Bhoird Taighde Sláinte don bhliain 2017, Comhghníomh CE ar Chineálacha Annamha Ailse do 2016-2019).

## 4. Plé a dhéanamh le 80% de cheisteanna laistigh de 2 sheachtain tar éis a bhfála.

- Rinneadh plé le **382** ceist in 2016; tugadh freagra ar 93% acu laistigh de 2 sheachtain.

## 5. Tuairiscí/tuascálacha a chur i dtoll a chéile ar shonraí na Clárlainne, lena n-áirítear (a) ceithre thuirisc ar threochtaí ailse; agus (b) tuascáil bhliantúil na Clárlainne.

- Líon na dtuascálacha a foilsíodh in 2016: **2** (tuairisc staitistiúil bhliantúil agus tuairisc ar mhíchothromaíochtaí ailse).
- Líon na dtuairiscí a foilsíodh in 2015: **3** (tuairiscí treochta).

## Riarachán

---

### 1. Cuntais bhliantúla agus tuascáil an Bhoird a chur i dtoll a chéile faoin 30 Meitheamh

- Pas

### 2. An plean seirbhíse a chur faoi bhráid na Roinne Sláinte tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis na litreach leithdháilte

- Pas
3. Caiteachas na Clárlainne le bheith laistigh den bhuiséad bliantúil
- Pas
4. Moltaí na dtuairiscí iniúchta inmheánaigh a chur i bhfeidhm laistigh den tréimhse ama a comhaontaíodh
- Pas. Cuireadh na moltaí ar fad i bhfeidhm laistigh de na tréimhsí ama a comhaontaíodh.

## FORBHREATHNÚ AR ÚSÁID FUINNIMH IN 2016

---

Is iad an córas aerchóirithe agus an córas téimh an dá rud is mó a úsáideann fuinneamh sa Chlárlann Náisiúnta Ailse. I measc na rudaí eile a úsáideann fuinneamh tá soilsiú, trealamh oifige, agus lónadóireacht. Is é an leictreachas a sholáthraíonn cumhacht do na rudaí seo ar fad agus ní úsáidtear an gás ná breoslaí iontaiseacha chun aon chríche. Ní féidir an t-ídiú leictreachais a leithroinnt ar na húsáidí éagsúla seo, ós rud é go n-úsáideann siad ar fad an soláthar céanna.

In 2016 d'ídig an Chlárlann Náisiúnta Ailse 75.3 MWh d'fhuinneamh agus is leictreachas a bhí san fhuinneamh sin ar fad.

### Beartha a Rinneadh in 2016

---

In 2016 thug an Chlárlann faoi réimse tionscnamh d'fhonn ár bhfeidhmíocht ó thaobh fuinnimh de a fheabhsú. Ina measc siúd bhí:

- Tionscadal fíorúlaithe a chur i bhfeidhm i seomra na bhfreastalaithe, sé fhreastalaí a dhíchoimisiúnú, rud ar sábháladh roinnt mhaith fuinnimh dá bharr;
- Laghdú ar úsáid na gcóras téimh agus aerchóirithe trí théamh agus fuarú nádúrtha a úsáid go tuisceanach;
- Gach trealamh TF nach bhfuil riachtanach a mhúchadh nuair nach mbíonn sé á úsáid.